# Comhaltaí inmheánacha a thoghadh chuig Údarás na hOllscoile
**1 Lúnasa 2026 – 31 Iúil 2030**

## Nósanna Imeachta Toghcháin

1.0 De réir Alt 16(2) d'Acht na nOllscoileanna, 1997, (arna leasú le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas 2022) áireofar le ballraíocht Údarás na hOllscoile: "cúigear comhaltaí inmheánacha (seachas an príomhoifigeach) arna gceapadh ag an údarás ceannais".

I ndáil leis an Údarás Ceannais, ciallaíonn 'comhalta inmheánach' "comhalta den údarás ceannais is comhalta de chomhairle acadúil na hollscoile, fostaí de chuid na hollscoile nó duine a fhaigheann luach saothair faoi chonradh leis an ollscoil" (Alt 16 (8) d'Acht na nOllscoileanna, 1997).

Beidh folúntas in dhá phost i mballraíocht inmheánach Údarás na hOllscoile an 1 Lúnasa 2026 nuair a thiocfaidh deireadh le téarmaí beirt chomhaltaí, ar duine acu Ollamh agus duine acu comhalta den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla.

1.1 Chinn Údarás na hOllscoile go reáchtálfar toghchán chun an dá fholúntas a líonadh sa bhallraíocht inmheánach.

De réir Rialachán 1/2024 arna fhaomhadh ag an Aire Breisoideachais & Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta agus ag Údarás na hOllscoile, líonfar an dá fholúntas sa bhallraíocht inmheánach trí chomhaltaí foirne a thoghadh ó na gráid foirne seo a leanas:

- Cohórt na nOllúna (arna sainmhíniú ag Ollscoil na Gaillimhe mar ghrád an Ollaimh Phearsanta, an Ollaimh le agus an Ollaimh Bhunaithe)
- Foireann tacaíochta gairmiúla (lena n-áirítear foireann tacaíochta agus theicniúil)

1.2 Beidh comhaltaí foirne i ngach ceann de na gráid thuas* (Tá liosta de na gráid atá i gceist le fáil in Aguisín a hAon) i dteideal a bheith ainmnithe le haghaidh toghcháin ar an gcoinníoll go bhfuil siad sa phost agus ina gcomhaltaí den toghlach ábhartha an 1 Aibreán 2026.

1.3 Reáchtálfar dhá thoghchán faoi leith chun an dá fholúntas a líonadh, seo a leanas na sonraí.
**Toghchán 1**: Comhalta amháin ón bhfoireann Ollúnachta a thoghadh, agus na hainmnithe incháilithe ag teacht ó na gráid Ollúnachta arna gcur síos in Aguisín a hAon.
**Toghchán 2:** Comhalta amháin ón bhfoireann Tacaíochta Gairmiúla (an fhoireann Theicniúil san áireamh) a thoghadh, agus na hainmnithe incháilithe ag teacht ó na gráid foirne Tacaíochta Gairmiúla agus Teicniúla arna gcur síos in Aguisín a hAon.

1.4 Is é an t-iarrthóir a fhaigheann an líon is airde vótaí i ngach toghchán a líonfaidh an post.

1.5 Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí tofa arna liostú thuas ón 1 Lúnasa 2026 go dtí an 31 Iúil 2030.

1.6 Beidh comhaltaí a thoghfar faoi na Nósanna Imeachta Toghcháin seo i dteideal dul san iomaíocht an athuair don dara téarma a mhairfidh suas le 4 bliana ón 1 Lúnasa 2030.

**Próiseas Ainmniúcháin**

2.0 Tá cinneadh déanta ag Údarás na hOllscoile gurb iad na socruithe seo a leanas a bheidh i bhfeidhm do na hainmniúcháin**:-**

2.1 **Ainmnithe Incháilithe:** An 1 Aibreán 2026 an dáta a dheimhneofar incháilitheacht na n-ainmnithe. Caithfidh ainmnithe (agus a moltóirí agus a gcuiditheoirí) a bheith i bpost agus ina gcomhaltaí den toghlach cuí an 1 Aibreán 2026.

2.2 Caithfear ainmniúcháin a sheoladh isteach tríd an Tairseach Toghcháin Ar Líne **idir 9.00am, am na hÉireann, Déardaoin, an 2 Aibreán 2026 agus 5.00pm, am na hÉireann, Dé Máirt, an 28 Aibreán 2026.** Ní ghlacfar le hainmniúcháin dhéanacha.
Caithfidh gach eolas ainmniúcháin cuí a bheith ag gabháil le gach ainmniúchán lena n-áirítear sonraí beathaisnéise agus grianghraf den ainmní, ráiteas iarrthóra, teachtaireacht físe (roghnach), agus cur síos ar inniúlachtaí.

2.3 Is féidir ainmniúcháin a chur isteach i mBéarla **nó** i nGaeilge agus taispeánfar do vótálaithe é sa teanga ina gcuirtear isteach é agus sa teanga sin amháin. Tá fáilte roimh ainmnithe (ach níl gá leis) ainmniúcháin iomlána a chur isteach sa dá theanga agus taispeánfar an péire acu do vótálaithe. Tá iarrthóirí freagrach as a n-aistriúchán féin dá n-ainmniúchán a sholáthar.

2.4 Ní mór sonraí beirt chomhaltaí incháilithe den toghlach/toghlaigh foirne atá i dteideal vótáil sa toghchán ábhartha a ghníomhóidh mar Mholtóir agus mar Chuiditheoir don ainmniúchán a bheith san áireamh leis an ainmniúchán. Ar ainmniúchán a bheith curtha isteach, rachfar i dteagmháil leis an Moltóir agus leis an gCuiditheoir chun a dtacaíocht don ainmniúchán a dheimhniú.
Chun amhras a sheachaint, ní mór don Mholtóir agus don Chuiditheoir a bheith ina mbaill den líon vótálaithe incháilithe ábhartha (de réir Aguisín a Dó) **-** i.e. i gcás Thoghchán 1, ní mór do Mholtóirí agus do Chuiditheoirí a bheith ina mbaill de na toghlaigh Ollúnachta nó Acadúil Eile (lena n-áirítear an fhoireann Taighde); i gcás Thoghchán 2, ní mór do Mholtóirí agus do Chuiditheoirí a bheith ina mbaill den toghlach Tacaíochta Gairmiúla (lena n-áirítear an fhoireann Theicniúil).
I ngach cás, ní féidir le Moltóirí agus Cuiditheoirí ach tacaíocht a thabhairt d'ainmniúchán **iarrthóra amháin.** Ní cheadaítear d'ainmnithe a n-ainmniúchán féin a mholadh ná a chuidiú.

**Nós imeachta Toghcháin:**

3.0 Tá cinneadh déanta ag Údarás na hOllscoile gurb iad na socruithe seo a leanas a bheidh i bhfeidhm don toghchán:

3.1 **Nós Imeachta Toghcháin:** Má fhaightear níos mó ainmniúchán ná líon na n-ionadaithe incháilithe atá ag teastáil, reáchtálfar toghchán trí ríomhvótáil. Tionólfar an bhallóid ó **9.00am, am na hÉireann, Dé Luain, an 15 Meitheamh 2026 go dtí 12.00pm, am na hÉireann, Dé Máirt, an 16 Meitheamh 2026.**

3.2 Gheobhaidh comhaltaí foirne incháilithe ríomhphost le nasc uathúil chun vóta a chaitheamh, roimh an mballóid.

3.3 Sa chás nach bhfaightear dóthain ainmniúchán sa chatagóir Ollúnachta nó catagóir na foirne Tacaíochta Gairmiúla, nó sa dá chatagóir, fágfar an suíochán/na suíocháin chuí folamh, agus líonfar iad i bhfothoghchán ar dháta níos déanaí.

3.5 Tarlóidh an vótáil de réir na rialachán seo a leanas:-

3.5.1 Ní mór ríomhvótaí a chaitheamh idir **9.00am, am na hÉireann, Dé Luain, an 15 Meitheamh 2026 agus 12.00pm, am na hÉireann, Dé Máirt, an 16 Meitheamh 2026.**

3.5.2 **Incháilitheacht Vótálaithe:** An 1 Eanáir 2026 an dáta a dheimhneofar an bhfuil vótálaí incháilithe. Caithfidh vótálaithe a bheith ina gcomhaltaí foirne de réir Aguisín a Dó agus i bpost an 1 Meitheamh 2026.

3.5.3 Ní mór vóta a thaifeadadh d'iarrthóir amháin ar a laghad le go mbeidh vóta bailí. Tá gach vóta inaitheanta sa chóras ar líne trí uimhir uathúil. Beidh vótálaithe i dteideal vóta a chaitheamh mar seo a leanas:

**Toghchán 1 An Toghchán Ollúnachta:** Áirítear le vótálaithe incháilithe sa toghchán seo gach comhalta foirne Ollúnachta agus comhalta foirne Acadúil Eile arna sonrú in Aguisín a Dó.

**Toghchán 2 Toghchán na foirne Tacaíochta Gairmiúla (an fhoireann Theicniúil san áireamh)**: Áirítear le vótálaithe incháilithe sa toghchán seo gach comhalta foirne Tacaíochta Gairmiúla agus comhalta foirne Teicniúla arna sonrú in Aguisín a Dó.

Níl aon teorainn leis an líon iarrthóirí is féidir le vótálaí a rangú laistigh dá dtoghlach féin.

3.5.4 Measfar an t-iarrthóir ag a bhfuil an líon is mó vótaí bailí a bheith tofa sa dá thoghchán.

3.5.5 **Toghfar** beirt iarrthóirí, **lena n-áirítear** Ollamh amháin agus comhalta amháin ón bhfoireann Tacaíochta Gairmiúla (foireann Theicniúil san áireamh).

3.5.6 Sa chás go bhfuil an líon céanna vótaí ag beirt iarrthóirí agus nach féidir iad a dhealú ó chéile de réir rialacha an toghcháin arna sonrú ag 4.1 thíos, déanfaidh an Ceann Comhairimh an toghchán a chinneadh trí chrannchur.

**Comhaireamh Vótaí:**

4.0 Tá cinneadh déanta ag Údarás na hOllscoile gurb iad na socruithe seo a leanas a bheidh i bhfeidhm do chomhaireamh na vótaí:

4.1 **Comhaireamh na vótaí:** déanfar na vótaí a chomhaireamh trí Ionadaíocht Chionmhar le hAonvóta Inaistrithe (PRSTV) le haistriú codánach (i.e. rialacha Sheanad Éireann).

4.2 Déanfaidh Mi-Voice (Democracy Technology Limited) na vótaí a chomhaireamh agus iad ina gcáil mar Scrúdanóirí Neamhspleácha agus beidh beirt bhreathnóirí neamhspleácha ann, a thabharfaidh tuairisc don Cheann Comhairimh, an Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla.

4.3 Tionólfar Rian Iniúchta iomlán vótála sa chóras vótála leictreonaí agus déanfar athbhreithniú air sula n-eiseofar na torthaí.

4.4 Fógróidh an Ceann Comhairimh torthaí toghcháin na n-iarrthóirí rathúla ag 5:00pm, am na hÉireann, Dé Máirt, an 16 Meitheamh 2026.

4.5 Foilseofar torthaí iomlána an Toghcháin ar láithreán gréasáin Údarás na hOllscoile tar éis chruinniú an 24 Meitheamh 2026 d'Údarás na hOllscoile. Coimeádfaidh Oifig an Rúnaí Rialachais agus Gnóthaí Acadúla taifead den chomhaireamh agus beidh ainmnithe aonair i dteideal rochtain a fháil ar a gcomhaireamh vótála féin. Sonraítear amlíne na dToghchán in Aguisín a Trí.

**Folúntais Ócáideacha:**

5. Sa chás go dtagann aon fholúntas ócáideach chun cinn i measc na gcomhaltaí arna dtoghadh mar a sonraíodh thuas, i ndiaidh don Nós Imeachta Toghcháin a bheith tugtha chun críche nó le linn thréimhse oifige Údarás na hOllscoile arna thoghadh faoin Nós Imeachta Toghcháin seo, líonfaidh an t-iarrthóir/na hiarrthóirí a fuair an líon is mó vótaí dleathacha sa Nós Imeachta Toghcháin, seachas iad sin a toghadh, an folúntas sin.
Má tharlaíonn sé nach bhfuil aon iarrthóir eile fágtha, líonfar folúntais trí fhothoghchán.

**AGUISÍN A hAON: Ainmnithe Incháilithe**

**Toghchán 1: Ainmnithe Ollúnachta**

| Cód Catagóire AD | Cur síos Catagóire AD | Catagóir Toghcháin Údarás na hOllscoile |
|---|---|---|
| 101 | Ollamh (lena n-áirítear Ollamh Bunaithe) | Ollamh |
| 102 | Ollamh Pearsanta | Ollamh |
| 319 | Ollamh le | Ollamh |

**Toghchán 2: Ainmnithe na Foirne Tacaíochta Gairmiúla agus na Foirne Teicniúla**

| Cód Catagóire AD | Cur síos Catagóire AD | Catagóir Toghcháin Údarás na hOllscoile |
|---|---|---|
| 119 | An tUachtarán | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 120 | Rúnaí | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 121 | Comhrúnaí | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 122 | Rúnaí Cúnta | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 123 | Oifigeach Riaracháin | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 124 | Cúntóir Riaracháin, Grád 4 | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 126 | Cúntóir Riaracháin, Grád 3 | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 127 | Cúntóir Riaracháin, Grád 5 | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 128 | Cúntóir Riaracháin, Grád 2 | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 130 | Stiúrthóir | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 133 | Meabhránaí | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 134 | Ceapachán ar Conradh | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 136 | Ceapachán ar Conradh (Riarachán) | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 140 | Leabharlannaí | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 141 | Leasleabharlannaí | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 142 | Leabharlannaí Cúnta | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 143 | Cúntóir Leabharlainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 145 | Cúntóir Sinsearach Leabharlainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 146 | Maor Leabharlainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 147 | Teicneoir Ceanglainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 151 | Seilfeálaí Cúnta | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 154 | Seilfeálaí Leabharlainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 160 | Oifigeach Teicniúil Sinsearach | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 161 | Oifigeach Teicniúil | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 163 | Freastalaí Saotharlainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 166 | Príomhoifigeach Teicniúil | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 172 | Pluiméir | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 175 | Oibrí Tógála | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 177 | Garraíodóir | Tacaíocht Ghairmiúil |

| | | |
|---|---|---|
| 181 | Glantóir | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 182 | Foireann Slándála | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 183 | Leictreoir | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 190 | Maoirseoir (Grád 1) | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 191 | Maoirseoir (Grád 2) | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 192 | Freastalaí Spóirt | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 208 | Saoiste – An Seomra Poist | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 211 | Saoiste – Leictreoir | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 215 | Saoiste – Meicniúil | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 301 | Oifigeach Sinsearach Teicniúil arna Mhaoiniú ag Taighde | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 307 | Oibrí Saoráide | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 308 | Cúntóir Ríomhaireachta | Tacaíocht Ghairmiúil |

**AGUISÍN A DÓ: Vótálaithe Incháilithe**

**Toghchán 1: Toghchán Ollúnachta**

| Cód Catagóire AD | Cur síos Catagóire AD | Catagóir Toghcháin Údarás na hOllscoile |
|---|---|---|
| 101 | Ollamh (lena n-áirítear Ollúna Bunaithe) | Ollamh |
| 102 | Ollamh Pearsanta | Ollamh |
| 319 | Ollamh le | Ollamh |
| 104 | Léachtóir Sinsearach | Foireann Acadúil Eile |
| 106 | Léachtóir faoi bhun an Bhaic/Léachtóir Sóisearach | Foireann Acadúil Eile |
| 108 | Léachtóir faoi bhun an Bhaic/Léachtóir Coláiste | Foireann Acadúil Eile |
| 109 | Léachtóir Cliniciúil (Páirtaimseartha) | Foireann Acadúil Eile |
| 112 | Cúntóir Teanga Iasachta | Foireann Acadúil Eile |
| 115 | Riarthóir / Teagascóir | Foireann Acadúil Eile |
| 116 | Taighde | Foireann Acadúil Eile |
| 117 | Léachtóir Téarma Shocraithe | Foireann Acadúil Eile |
| 138 | Foireann Tacaíochta Teagaisc | Foireann Acadúil Eile |
| 200 | Feidhmeannach Ríomhaireachta | Foireann Acadúil Eile |
| 214 | Múinteoir Ollscoile | Foireann Acadúil Eile |
| 220 | Léachtóir – Conradh A | Foireann Acadúil Eile |
| 221 | Léachtóir - Conradh B | Foireann Acadúil Eile |
| 222 | Teagascóir Cliniciúil | Foireann Acadúil Eile |
| 311 | Feidhmeannach Aistriúcháin | Foireann Acadúil Eile |
| 314 | Comhordaitheoir Oideachais Cleachtais | Foireann Acadúil Eile |
| 316 | Comhalta Ollscoile | Foireann Acadúil Eile |
| 317 | Teagascóir Cúnta Iarchéime | Foireann Acadúil Eile |
| 318 | Taispeántóir Cúnta Iarchéime | Foireann Acadúil Eile |
| 321 | Cuiditheoir | Foireann Acadúil Eile |
| 409 | Foireann Tacaíochta Teagaisc, Ranganna Teagaisc, TAD, Aistí | Foireann Acadúil Eile |
| 410 | Taispeántóir don Fhoireann Tacaíochta Teagaisc | Foireann Acadúil Eile |


**Toghchán 2: Toghchán na Foirne Tacaíochta Gairmiúla agus na Foirne Teicniúla**

| Cód Catagóire AD | Cur síos Catagóire AD | Catagóir Toghcháin Údarás na hOllscoile |
|---|---|---|
| 119 | An tUachtarán | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 120 | Rúnaí | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 121 | Comhrúnaí | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 122 | Rúnaí Cúnta | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 123 | Oifigeach Riaracháin | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 124 | Cúntóir Riaracháin, Grád 4 | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 126 | Cúntóir Riaracháin, Grád 3 | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 127 | Cúntóir Riaracháin, Grád 5 | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 128 | Cúntóir Riaracháin, Grád 2 | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 130 | Stiúrthóir | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 133 | Meabhránaí | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 134 | Ceapachán ar Conradh | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 136 | Ceapachán ar Conradh (Riarachán) | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 140 | Leabharlannaí | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 141 | Leasleabharlannaí | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 142 | Leabharlannaí Cúnta | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 143 | Cúntóir Leabharlainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 145 | Cúntóir Sinsearach Leabharlainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 146 | Maor Leabharlainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 147 | Teicneoir Ceanglainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 151 | Seilfeálaí Cúnta | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 154 | Seilfeálaí Leabharlainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 160 | Oifigeach Teicniúil Sinsearach | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 161 | Oifigeach Teicniúil | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 163 | Freastalaí Saotharlainne | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 166 | Príomhoifigeach Teicniúil | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 172 | Pluiméir | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 175 | Oibrí Tógála | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 177 | Garraíodóir | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 181 | Glantóir | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 182 | Foireann Slándála | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 183 | Leictreoir | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 190 | Maoirseoir (Grád 1) | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 191 | Maoirseoir (Grád 2) | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 192 | Freastalaí Spóirt | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 208 | Saoiste – An Seomra Poist | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 211 | Saoiste – Leictreoir | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 215 | Saoiste – Meicniúil | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 301 | Oifigeach Sinsearach Teicniúil arna Mhaoiniú ag Taighde | Tacaíocht Ghairmiúil |
| 307 | Oibrí Saoráide | Tacaíocht Ghairmiúil |

| | | |
|---|---|---|
| 308 | Cúntóir Ríomhaireachta | Tacaíocht Ghairmiúil |

**AGUISÍN A TRÍ**

**Amlínte Toghchán Údarás na hOllscoile 2026**



| **Céim** | **Dáta** |
|---|---|
| Fógra maidir le Gairm ar Ainmniúcháin | 25 Márta 2026 |
| Osclaítear Ainmniúcháin | 2 Aibreán 2026 – 28 Aibreán 2026 |
| Seiceáil Incháilitheachta na nAinmnithe | 1 Bealtaine 2026 |
| Ainmnithe Rathúla a chur ar an eolas | 4 Bealtaine 2026 |
| Feachtas na nAinmnithe | 5 Bealtaine 2026 – 14 Meitheamh 2026 |
| Tús na Vótála | 09.00am 15 Meitheamh 2026 |
| Deireadh le Vótáil | 12.00pm 16 Meitheamh 2026 |